Comhairle AE

PRESS GA

PREASEISIÚINT
624/18
09/11/2018

# Forbairt ar chórais TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais: Aontaíonn an Chomhairle ról níos láidre a thabhairt do eu-LISA

Tá gníomhaireacht an Aontais atá freagrach as bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF i ndáil le cur chun feidhme bheartais an Aontais i ndáil le bainistiú teorainneacha, an imirce agus forfheidhmiú an dlí (eu-LISA) le neartú.

Ghlac an Chomhairle rialachán inniu lena ndéantar forbairt bhreise ar shainordú eu-LISA. Leis an rialachán tugtar ról ríthábhachtach don ghníomhaireacht agus córais nua TF á gcur chun feidhme i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile (CGB).

Leis an rialachán déanfar na cúramaí seo a leanas go háirithe a leagan ar an ngníomhaireacht:

- córais nua a fhorbairt agus a oibriú, amhail an córas isteach-amach a glacadh le déanaí agus an córas Eorpach um fhaisnéis agus údarú taistil (ETIAS)
- rannchuidiú le réitigh theicniúla a fhorbairt chun idir-inoibritheacht a bhaint amach, rud a bheidh faoi réir thorthaí an idirphlé reatha faoi hionstraim reachtach maidir leis an idir-inoibritheacht
- tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh, cuir i gcás chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an imirce, agus cuidiú a thabhairt le réitigh chomónta a fhorbairt ionas gur féidir oibleagáidí dlíthiúla an Aontais a chur chun feidhme maidir le córais díláraithe i réimse CGB
- ról níos mó i gcúrsaí taighde, i dtreoirthionscadail agus i gníomhaíochtaí tástála

## Na chéad chéimeanna eile

Is ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa a thiteann sé anois síniú a chur leis an rialachán a glacadh. Foilseofar an téacs sínithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tiocfaidh sé i bhfeidhm 20 lá ina dhiaidh sin.

## Cúlra

Bunaíodh eu-LISA in 2011 agus i láthair na huaire déanann sé córais éagsúla a bhainistiú amhail an córas faisnéise víosaí (VIS), an córas faisnéise Schengen (SIS) agus an córas Eorpach méarlorgaireachta (EURODAC).

Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an ngníomhaireacht, chomh maith le forbairtí a rinneadh le déanaí i réimsí na himirce agus na slándála, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh sainordú nua dlí do eu-LISA ar an 29 Meitheamh 2017 ionas go bhféadfaidh sé freagairt níos fearr do na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais.

- Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (EU-LISA)

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press